

Airgead

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|--|---|---|--|--|
| <i>Trí eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i> | | | | |
| Torthaí Foghlama | feasacht ar airgead agus ar a úsáidí a fhorbairt. | luach an airgid a aithint agus euro agus cent a úsáid i réimse comhthéacsanna fiúntacha. | eolas ar chóras bhonn a deich san uimhris a aistriú go dtí comhthéacsanna airgeadaíochta, agus a úsáid ar mhaithe leis an ríomh. | tascanna praiticiúla a réiteach agus a chur chun iniúchadh a dhéanamh ar idirbhearta agus pleananna airgeadais chomh maith le breithiúnais fheasacha a thabhairt orthu. |
| Coincheapa matamaiticiúla | Is iomaí foirm airgid atá ann. | Braitheann praghas an earra nó na seirbhíse ar a luach coibhneasta. | Cuidíonn tuiscint ar an bpraghas aonaid linn chun breithiúnais a dhéanamh maidir le luach ar airgead. | Is uirlisí úsáideacha iad buiséid i gcomhair airgead agus idirbhearta a eagrú, a bhainistiú agus a thaifeadadh. |
| | Baintear úsáid as airgead chun earraí agus seirbhísí a cheannach agus a dhíol. | Is féidir meascáin éagsúla de bhoinn agus/nó de nótaí a úsáid chun méid áirithe airgid a chur in iúl. | Is féidir oibríochtaí feidhmithe a úsáid chun ríomhanna airgid a mheas nó a fháil amach. | Is ionann airgeadra agus meán an mhalartaithe airgid (nótaí agus boinn) a chinneann rialtas le haghaidh úsáid choitianta i dtír nó i dtíortha. |
| | Is féidir earraí nó seirbhísí a mhalartú do mhéid áirithe airgid (praghas aontaithe). | Is féidir idirbhearta airgid a thaifeadadh mar uimhir-abairtí. | Is féidir idirbhearta agus ríomhanna airgid a thaifeadadh ar bhealaí éagsúla. | Braitheann ráta malairte an airgeadra ar luach an airgeadra agus baintear úsáid as chun an luach nó an méid d'airgeadra amháin a athrú chuig an luach nó an méid de cheann eile. |
| | Is iad na míreanna airgid atá in úsáid in Éirinn ná an euro (€) agus an cent (c). | Baintear úsáid as na comharthaí € (euro) agus c (cent) chun airgead a léiriú agus a thaifeadadh. | Déantar taifead ar airgead i bhfoirm dheachúlach. | Is ranníocaíocht í an cháin chuig ioncam an stáit. Is féidir é a bhaint ó ioncam nó ó bhrabúis ghnó nó a chur le costas earraí, seirbhísí agus idirbheart. |
| | Tarlaíonn idirbhearta airgid ar bhealaí éagsúla. | Is féidir straitéisí éagsúla a úsáid chun briseadh/sóinseáil a ríomh in idirbheart. | Is féidir leis an meastachán agus leis an slánú cuidiú chun réasúntacht idirbheart a mheas. | Déanann ús cur síos ar an méid a íoctar i gcomhair an t-airgead a úsáid. |